

**FEAR AN SGÉILÍN  
GRINN:  
DRÁMA SUILT**

Published @ 2017 Trieste Publishing Pty Ltd

ISBN 9781760576608

Fear an sgéilín grinn: Dráma sult by Piaras Béaslai

Except for use in any review, the reproduction or utilisation of this work in whole or in part in any form by any electronic, mechanical or other means, now known or hereafter invented, including xerography, photocopying and recording, or in any information storage or retrieval system, is forbidden without the permission of the publisher, Trieste Publishing Pty Ltd, PO Box 1576 Collingwood, Victoria 3066 Australia.

All rights reserved.

Edited by Trieste Publishing Pty Ltd.  
Cover @ 2017

This book is sold subject to the condition that it shall not, by way of trade or otherwise, be lent, re-sold, hired out, or otherwise circulated without the publisher's prior consent in any form or binding or cover other than that in which it is published and without a similar condition including this condition being imposed on the subsequent purchaser.

[www.triestepublishing.com](http://www.triestepublishing.com)

**PIARAS BÉASLAÍ**

**FEAR AN SGÉILÍN  
GRINN:  
DRÁMA SUILT**



# Fear an Sgéilín Grinn

DRÁMA SUILT



PIARAS BÉASLAÍ

do sgríobh

Áth Cliath :

AN COMHAR DRAMUÍOCHTA

Chun léirithe an drama so  
ní fuláir cead ón gComhar.

## FEAR AN SGEILIN GRINN.

---

*Chítar Sadhbh na suidhe os comhair doruis tige a hathar, agus páipéar nódhachta n-a lámh aici.*

*Sadbh.* Seo chughainn Séamus Óg—agus cluithéadaigh nódh uime. Mach taibhseach atá sé! Leigfad orm ná feaca é.

*Cromann sí ar léitheóracht mar dheadh.*

*Séamus Óg* isteach go neamhchuíseach. *Chomh luath is a chionn sé Sadhbh, dírigeann sé é féin. Socruigheann sé a chasóg ar a mhalairt de shli. Buaileann fé dhéin Shaidhbhe agus deineann casachtach. Ní chuireann sí cor di. Cromann sé os a cionn, féachaint cad tá á léigheamh aici, agus annson drideann sé siar uailhi.*

*Séamus.* Dia 's Muire dhuit, a Shadbh.

*Baintear geit as Saidhbh mar dheadh.*

*Sadbh.* Ó a Shéamus. Maran tú bhain geit asam. Ní raibh éin phioc dá fhios agam tu bheith ann!

*Séamus.* Go deimhin is fuirist aithint ort gur mar sin a bhí. Cheapas ar dtúis gur leabhar diadhaithe a bhí á léigheamh agat, ach chítar dom anois ná fuil agat ach páipéar nódhachta.

*Sadbh.* Ca na thaobh ná léighfinn páipéar nódhachta, chomh maith leatsa?

*Séamus.* Gan amhrus. An rud is annamh is iongantach. Cad é an rud a bhí agat á léigheamh?

*Deineann sé iarracht ar bhreith ar an bpáipéar. Tarr-aigeann sí uaidh é.*

*Séamus.* Tá fhios agam go maith gur cur síos ar phósadh a bhí á léigheamh agat? (*Beireann sé greim ar an bpáipéar.*) Nach maith a bhí fhios agam? Pósadh galánta i gCorcaigh! Cad eile cad a bheadh ag cur cúraim ar na mnáibh?

*Sadhbh.* Seadh go díreach. Is mór é mo spéis i n-a leithéidí. Cuir uait an staraidheacht, a Shéamus Uí Mhurchada!

*Séamus.* Ar son Dé agus ná tabhair “Séamus Ó Mhurchadha” orm. Ní lughar liom an donus ná tú ag tabhairt na hainme sin orm. Dár ndó ní thugann éinne eile orm ach “Séamus Óg.” Nuair a chloisimse “a Shéamus Uí Mhurchadha” uait, titeann a lug ar a lag agam. Comhartha feirge uait iseadh é. Cuireann sé i n-tíl dom go bhfuilir i n-earraid liom.

*Sadhbh.* Ní hiongnadh an tuairim sin agat. Admhuighim go bhfuil cúis ghearáin agat. Ainm ghrána iseadh Séamus Ó Mhurchadha.

*Séamus.* Féach ar sin! Nach maith a thuigeas go raibh fearg ort! Ach ní misde liom son, mar bíonn deallramh gleoite ort nuair a bhíonn fearg ort. Nuair a chuireann tu an pus son ort féin, tagann fonn orm chun—chun—

*Sadhbh.* Cad chuige?

*Séamus.* Chun tuille feirge chur ort.

*Sadhbh.* Ní fada uait son, geallaimse dhuit, mara gcuireann tu an magadh uait.

*Séamus.* Magadh! Lom dáirribh atáim.

*Sadhbh.* Cogar so, a Shéamus Uí Mhurchadha, ná fuil a mhalairt de ghnó agat ach bbeith ag cabaireacht liomsa?

*Séamus.* Ach, tá gan amhrus, gnó níos tairbhighe, ach is fearr liom gan é dhéanamh. Cionnus tá t’athair?

*Sadhbh.* Go dianmhaith. Tá sé istigh, ag cainnt le Tadhg Mac Gearailt.

*Séamus.* Tadhg Ruadh an cadh? Imbás, má sé Tadhg Ruadh atá ann, gabhaimse orm nach ag cainnt leis atá t’athair ach ag éisteacht.

*Sadhbh.* Ag éisteacht a mheasas a rádh. Dá bhfeicfá

iad i dteannta chéile. Mara mbeadh agat ach an t-aon gháire amháin, chaithfá é dhéanamh! Fonn cainte ar m'athair agus gan éan dul aige air! Chómh luath is a gheibheann sé an chae, tosnuigheann sé ar fhocal nó dhó a rádh le Tadhg, ach sin a mbíonn dá bhárr aige.

*(Cloistear na sgearta gáire laistigh san tigh.)*

Séamus. Cad é an rud é sin?

Sadhbh. Sgeart gáire do chuir m'athair as. Ní foláir nó dubhairt Tadhg rud ana-ghreannmhar.

Séamus. Ní mór dom rud éigin greannmhar a rádh, féachaint an gcuirfadh t'athair sgeart gáire chómh mór son as. Is eagal liom ná fuil éan bháidh aige liom.

Sadhbh. Ní déarfainn é sin. Ach ca na thaobh ná deineann tu iarracht ar é dh'iondrabháil.

Séamus. Fébh mar a dheineann Peadar Ó Duinn —an lúbaire!

*(Cloistear sgeart gáire arís.)*

Séamus. Tá Tadhg ag innsint sgéil dá chuid sgéilíní grinn do t'athair, is dócha.

Sadhbh. Níor dhóchaighe riamh ná é. *(Féachann sí ar an bpáipéar.)* Adhe! Nach iongantach an sgéal é sin! Tionóisc do thit amach ar an Leambhain!

*Cromann Séamus chun an páipéar do léigheamh agus cuireann a lámh timpeal uirthi. Preabann Sadhbh na seasamh.*

Sadhbh. Is baoghlach go bhfuilim ag déanamh ceartaighe dhuit. Suidh síos agus léigh duit féin é, a Shéamus Uí Mhurchadha.

*Liam amach ón dtigh agus é ag gairt go mór. Tadhg amach n-a dhiaidh.*

Liam. Ha! ha! ha! Isé an sgéal is feárr a chuala riamh é. An tusa atá ann, a Shéamus Óig!

Tadhg. Cionnus taoi, a Shéamus? Is fada ná feaca thu. Nach breágh an deallramh atá ort! Cionnus tá



do dhreatháir? Is éachtach an bligeárd é! An bhfeacaís Seán so aguinn-na ó phós sé? Dáltha an sgéil, níor innseas duit a Liam, go raibh an mailín mine beagnach ídithe nuair a chuaidh sé fé na dhéin. (*Cromann Liam ar gháire arís.*) Sgéal ana-shultmhar iseadh é, nach eadh? Indé a chuala-sa é. Cad is dóich leat den aimsir? Is baolach go mbeidh an foghmhar go dona. A mhéid báistíge a bhí aguinn ní cuimhin liom éan tsamhradh eile go dtí so Tá an féar chómh dubh le—le—Caithfadsa bheith ag bailiú liom. Tá Máire ag feitheamh liom. Is oth liom ná beidh sé d'uain agam an sgéal son d'innsint do Shéamus. Ná dearmhad an méid adubhart leat, a Liam. Níl focal bréige ann. Ha! ha! ha! Slán agaibh, slán agaibh! Ha! ha! ha!

*As go brách leis.*

*Liam.* Ha! ha! ha! Do bhuaidh an sgéal son ar ar chuala riamh de sgéalthaibh le greann is greann-mhaireacht. Is iongantach an fear é Tadhg. Ní fheadar cá bhfaghann sé na sgéaltha. É féin a cheapann iad, is dócha. Ach an sgéal so mar gheall ar Phartholán Mhac Cárthaigh—ha! ha! ha!—ní foláir nó chualáís trácht ar Phartholán, a Shéamus?

*Séamus ag cómhrádh le Saidhbh.* Ní chloiseann sé an cheist.

*Liam.* A Shéamus! (*I n-árd a chinn is a ghutha.*) A Shéamus!

*Baintear preab as Séamus.*

*Séamus.* Seadh! seadh! Gabhaim párdún agat. An ndubhraís éinní liom?

*Liam.* An ndubhart éinní leat? Ag innsint sgéil duit a bhíos. Ní fheadar cad tá ag teacht ar fhearaibh óga na haimsire seo, agus a dhrochmhúinteacht a bhíd siad.

*Séamus* (ag suidhe agus ag cur cluaise air féin). Comáin leat, táim ag éisteacht leat.

*Liam*. Bhfuil aithne agat ar Phartholán Mhac Cárthaigh atá na chómhnuidhe san nGleann Dubh?

*Séamus*. Partholán Crón? An firin beag tóstalach úd?

*Liam*. An fear céadna díreach.

*Séamus*. Ó tá, gan amhrus, aithne súl; agus is minic a chuala teacht thairis.

*Liam*. Is dócha mar sin gur chualais cad é an sadhas é. Fear ciúin cúlmhánta. Ceapann a lán daoine gur fear dúr é ach, pé aca an dúire nó an sgáthmhaireacht fé ndear é, is anamh a labhrann sé le héinne. Níl éan dúil i gcainnt aige—

*Tadhg isteach arís agus fústar air.*

*Tadhg*. Ag cúlchainnt ormsa atá sibh. Ag magadh atáim. Do dhearmhadas mo spéacláirí. Ní fheadar cad tá ag teacht orm. Is cuimhin liom an lá fé dheire agus me ag gabháil an bhóthair, do mheasas gal a chaitheamh, ach bhí mo chuid tobac dearmhadta agam. Fuaireas iasacht tobac i dtighéigin agus annson fuaireas go raibh bosga lasán dearmhadta agam. Sholáthruigheas lasáin i dtigheile, ghabhas an bóthar arís agus fuaireas go raibh mo phíopa dearmhadta agam. Ach ní hé seo ach é siúd. An bhfeacaís mo spéacláirí i n-éan bhall, a Liam? Do chuarduigheas gach póca—dar so is súd ach táid siad agam im póca taréis an tsaoghail? Istigh i gclúdach leitreach a bhíodar. Nach mé an t-amadán? Ha! ha! ha! Chuireas turas i n-aistear orm féin. Tá an lá ag dul i ndéanaighe. Marbhóchaidh Máire me. Slán agaibh! Slán agaibh.

*Imigheann Tadhg.*

*Liam* (leis féin). Is maith an bhail orm go bhfuil deithnas air. Bhí eagla orm go mbeadh tosach aige orm

ag innsint an sgéil do Shéamus. Dá fheabhus é Tadhg chun sgéilín grinn d'innsint, ní mhaithfhinnse pioc do. (*Tá Séamus ag cainnt le Saidhbh arís*). A Shéamus!

*Baintear preab as Séamus arís.*

*Liam.* Suidh síos go neosad an sgéal duit. Tá fhios agat gur pósadh Partholán le déanaighe.

*Séamus.* Partholán? Cé hé féin?

*Liam (go feargach).* Partholán Mhac Chárthaigh, an "firín beag tóstalach" ón nGleann Dubh.

*Saidhbh.* Ní san nGleann Dubh atá cómhnuidhe air, ach míle siar on nGleann, ar leacain an chnuic—

*Liam.* Is cuma liom san anachain cá bhfuil cómhnuidhe air. Fear ana-spriúnluighthe iseadh é agus tá a rian air. Tá a dhóthain mór de strus an tsaoghail aige. Níor mhaith leis pósadh, ar eagla go bhfaghadh sé bean rabairneach. Rud eile bhí sé pas sgáthmhar, agus bhí eagla air roim na mnáibh—agus go deimhin ní hiongnadh son!

*Saidhbh.* Go deimhin, a athair, is olc an mhaise dhuit an méid sin a rádh.

*Liam (go feargach).* Ná bí ag cur isteach orm. Leig dom an sgéal do chríochnú. Táim bodhar agat.

*Saidhbh.* Gabhaim pardún agat, a athair, ach ní dubhart pioc ach—

*Liam.* Sdó, deirimse leat, go bhfuilim bodhar agat. Ní hiongnadh go raibh eagla ar Phartholán roim na mnáibh (*le Séamus*). Fear sgothaosta ab eadh é sar ar chuimhnigh sé ar phósadh.

*Séamus.* Tá fhios agam.

*Liam.* Lá desna laethantaibh dár ráinig sé i Log na mBan, cé bhuailfadh an treó ach cailín deas caol árd. Chuir Partholán nimh a shúl inti—

*Siobhán amach agus buicéad na láimh aici.*